C/2024/7394

5.12.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11536 – CONSTANTIA / ALUFLEXPACK)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7394)

1. An 28 Samhain 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Constantia Flexibles GmbH ('Constantia' an Ostair), faoi rialú aonair One Rock Capital Partners, LLC ('ORC', na Stáit Aontaithe),

— Aluflexpack AG ('AFP', an Eilvéis).

Gheobhaidh Constantia rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar AFP ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is táirgeoir agus soláthraí domhanda réiteach pacáistíochta solúbtha é Constantia. Cuimsíonn punann táirgí Constantia réitigh pacáistíochta solúbtha do tháirgí úsáide laethúla ar nós bia, táirgí déiríochta, bia peataí, táirgí tí agus cúraim phearsanta, agus táirgí cógaisíochta agus leighis, chomh maith le deochanna.

— Is monaróir agus soláthróir réiteach pacáistíochta solúbtha le haghaidh réimse tionscal é AFP. Cuimsíonn punann táirgí AFP go príomha réitigh pacáistíochta solúbtha a úsáidtear le haghaidh bianna áirithe, caife agus bia peataí, agus, ar bhonn níos lú, le haghaidh táirgí cógaisíochta agus táirgí eile neamhbhia.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11536 – CONSTANTIA / ALUFLEXPACK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').